

TUARASCÁIL FAIREACHAIS

Faireachas Frithsheasmhachta Frithmhiocróbach san Eoraip 2011 Achoimre

Tá na torthaí seo bunaithe ar shonraí frithsheasmhachta frithmhiocróbach (AMR) a thuairiscigh 29 tír AE/LEE i 2012 (sonraí a thagraíonn do 2011), agus ar anailísí treochta ar na sonraí a tuairiscíodh le linn na tréimhse 2008 go dtí 2011.

Léiríonn siad méadú ginearálta ar fud na hEorpa de AMR sna pataiginí gram-dhiúltacha faoi fhaireachas (*Escherichia coli*, *Klebsiella pneumoniae* agus *Pseudomonas aeruginosa*), ach is cosúil go bhfuil minicíocht na frithsheasmhachta sna pataiginí gram-dhearfacha (*Streptococcus pneumoniae*, *Staphylococcus aureus*, *Enterococcus faecium* agus *Enterococcus faecalis*) á cobhsú nó fiú á laghdú i roinnt tíortha. Maidir leis an gcuid is mó de chomhcheangail phataigine-fhrithmhiocróbacha, is léir go bhfuil éagsúlachtaí móra ann ó thír go tír.

I 2011, tháinig an fhianaise is scanrúla den mhéadú in AMR ó sonraí ar chomh-fhrithsheasmhacht (frithsheasmhacht in aghaidh ceifileaspóiríní, fluaracuineolóin agus aimíngliocóisídí an tríú glúin) in *E. coli* agus in *K. pneumoniae*. I dtaca leis an mbeirt phataiginí, bhí treochtaí méadaitheacha go suntasach de chomh-fhrithsheasmhacht ag breis agus aon trian de na tíortha tuairiscithe le ceithre bliana anuas.

Ciallaíonn an céatadán ard agus méadaitheach de chomh-fhrithsheasmhacht a breathnaíodh i dtaca le *K. pneumoniae* nach bhfuil ach líon beag de roghanna teiripeacha ar fáil do roinnt othar a bhfuil ionfhabhtuithe bagracha don bheatha orthu, m.sh. carbaipeineimí. Mar sin féin, ó 2010 amach, méadaíodh frithsheasmhacht in aghaidh charbaipeineime i roinnt tíortha, rud a rinne an cás níos measa. Maidir le *P. aeruginosa*, tá chomh-fhrithsheasmhacht coitianta freisin, agus 15% de na haonaráin frithsheasmhach do thrí cinn ar a laghad de na ranganna frithmhiocróbacha faoi fhaireachas. Níl aon amhras go gcaillfear roghanna cóireála teiripeacha mar gheall ar an méadú neamhbhactha dealraitheach de AMR sna pataiginí móra gram-dhiúltacha.

I gcomhthreo leis sin, léiríonn treochtaí tuairiscithe eile de AMR go bhfuil iarrachtaí náisiúnta maidir le rialú ionfhabhtuithe agus srianadh d'fhrithsheasmhacht éifeachtach, mar atá léirithe ag treochtaí i dtaca le *S. aureus* (MRSA) frithsheasmhach in aghaidh meiticilline, *S. pneumoniae* frithsheasmhach go frithmhiocróbach agus eintreacocas frithsheasmhach go frithmhiocróbach, agus an chuma ar an scéal go bhfuil an cás cobhsaí nó fiú á fheabhsú i dtíortha ar leith. Maidir le MRSA, tá na breathnóireachtaí seo comhsheasmhach le tuarascála ó chlár náisiúnta faireachais i roinnt Ballstát agus ó staidéir a rinneadh le déanaí ar thorthaí de na hiarrachtaí rialaithe ionfhabhtaithe. Is féidir éagsúlachtaí móra ó thír go tír a thabhairt do d'aire maidir le *S. pneumoniae*, ach d'fhan neamh-shoghabháltacht do nithe frithmhiocróbacha measartha seasta san Eoraip le blianta beaga anuas, agus dheimhning na sonraí 2011 an bhreathnóireacht seo.

Is cosúil go bhfuil frithsheasmhacht ardleibhéil aimíniglicóisídí cobhsaí san Eoraip agus tá treochtaí atá ag laghdú anois ag roinnt tíortha a thuaraiscigh leibhéil measartha ard frithsheasmhachta roimhe seo. Mar an gcéanna, tá an mhiniúocht d'fhrithsheasmhacht in aghaidh vancaimícine in *E. faecium* á cobhsú nó á laghdú.

Maidir le roinnt comhcheangal frithmhiocróbach-pataigine, m.sh. frithsheasmhacht in aghaidh fluaracuineolón in *E. coli*, *K. pneumoniae*, *P. aeruginosa* agus i dtaca le MRSA freisin, tá grádán thuaidh ó theas san Eoraip soiléir. Tríd is tríd, tuairiscítear céatadán frithsheasmhachta níos ísle sa tuaisceart agus níos airde sa deisceart. D'fhéadfadh na difríochtaí geografacha seo cleachtais rialála ionfhabhtaithe agus úsáid fhrithmhiocróbach éagsúla a léiriú. Ba chóir go mbeadh úsáid stuama d'oibreáin fhrithmhiocróbacha agus bearta rialaithe ionfhabhtaithe cuimsitheacha ina gclocha coirnéil d'iarrachtaí éifeachtacha coisc agus rialaithe atá dírithe ar roghnú agus tarchur de bhaictéir fhrithsheasmhach go frithmhiocróbach a laghdú.